Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2019

Centre Number

Candidate Number

Irish

Assessment Unit AS 2
(Sections B and C)
assessing
Reading and Use of Language

MV24

[SIR22]
THURSDAY 23 MAY, AFTERNOON

Time

1 hour 20 minutes, plus your additional time allowance.
Candidates should spend approximately 50 minutes on Section B.
Candidates should spend approximately 30 minutes on Section C.

Instructions to Candidates

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of the front page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
For Section B answer **all** questions.
For Section C answer **all** questions.

Information for Candidates

The total mark for this paper is 75:
40 marks for Section B and 35 marks for Section C.
Figures in brackets printed at the end of each question indicate the marks awarded to each question or part question.
You are provided with an Insert for use with Question 1 of Section B in this paper.
The use of a dictionary is **not** permitted.
Quality of Written Communication is assessed in Section B Question 2.

Additional Materials required:
None

Section B: Reading

1 Léigh an t-alt **"Pillimis ar an dúchas agus ar an dea-bhia"** agus freagair, **as Gaeilge**, na ceisteanna a leanas. **(See insert.)**

(a) De réir an ailt, cá mhéad tír a bhí páirteach sa tuairisc? [1 mark]

_____

_____

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais a thugtar sa chéad pharagraf faoi nósanna bia mhuintir na hÉireann. [4 marks]

_____

_____

_____

(c) Cé na himpleachtaí atá ann don phobal mar gheall ar an bhia a itheann muintir na hÉireann? Luaigh **dhá** rud. [2 marks]

(d) Cén staid ina bhfuil córas sláinte na tíre, de réir an ailt? [1 mark]

(e) De réir an ailt, cad é mar a d'athraigh meon mhuintir na hÉireann i leith an bhia? Luaigh **dhá** rud. [2 marks]

(f) Cad chuige ar éirigh go maith leis an Fhrainc, leis an Iodáil, leis an Ghréig agus leis an Phortaingéil sa tuarascáil? [2 marks]

(g) Luaigh **trí** nós atá tábhachtach maidir leis an bhia a chleachtar sna tíortha ar éirigh go maith leo. [3 marks]

(h) Cad é mar a amharctar ar an bhia sna tíortha ar éirigh go maith leo, de réir an ailt? [1 mark]

(i) Luaigh **dhá** mholadh atá ag údar an ailt don léitheoir. [2 marks]

_____

_____

_____

(j) Cad é mar is féidir an bia a úsáid le do shaol sóisialta a fheabhsú?
Luaigh **dhá** rud. [2 marks]

_____

_____

_____

Marks for AO2 [20 marks]

2 Aistrigh go Béarla. Ná haistrigh an teideal.

Daoine Óga Ag Cuidiú Saor in Aisce

Bhí Seachtain na hOibre Deonaí ann i Mí na Nollag. Rinneadh ceiliúradh ar na daoine a oibríonn gan phá ar son an phobail. Is daoine óga iad cuid mhaith acu.

Cuireadh an spotsholas ar feadh seachtaine ar na daoine sin a bhíonn ag cuidiú le daoine eile go ciúin, saor in aisce.

Oibríonn siad ar son daoine idir óg agus aosta, ag cur seirbhísí ar fáil nó ag freastal ar dhaoine a bhfuil deacrachtaí ar leith acu.

Líonann siad bearnaí go minic i seirbhísí sláinte agus pobail. Níl ceantar ar bith sa tír nach bhfuil grúpa oibrithe den tsórt seo ann.

I measc na n-oibrithe, tá cuid mhór páistí a thugann cuairt go laethúil ar a gcuid gaolta agus ar a gcuid comharsan.

Ní thugtar moladh mar is ceart do na cuiditheoirí iontacha seo go rómhinic. Nach maith iad!

Marks for AO2 [20 marks]

Section C: Use of Language

Answer all **five** questions.

1 Write a synonym **in Irish** in place of the word/phrase in bold. Write full sentences **in Irish.** [1 mark for each]

(a) Bhí an ghaoth **uafásach** aréir.

_____

_____

(b) Rinneadh **dochar** go leor do dhíon an tí.

_____

_____

(c) Tá sclátaí ina luí ar an talamh anois **taobh le** mo charr.

_____

_____

(d) Tá **neart** oibre le déanamh le gach rud a chur ina cheart arís.

_____

_____

(e) Beidh sé iontach **costasach** an teach a dheisiú.

_____

_____

Marks for AO3 [5 marks]

2 Rewrite the following sentences, changing the verb in brackets from the command to the verbal noun where necessary. Write full sentences **in Irish.**
[1 mark for each]

(a) Níor mhiste liom an ríomhaire úr sin a (ceannaigh).

_____

_____

(b) Moltar do chuairteoirí gan an t-uisce a (ól) as na sconnaí.

_____

_____

(c) Ba mhaith leis na daltaí airgead a (bailigh) le híoc as a dturas thar sáile.

_____

_____

(d) Tá sé de nós aige fuinneoga an tí a (glan) go rialta.

_____

_____

(e) B'fhearr gan barraíocht a (ith) roimh dhul isteach ag snámh san fharraige.

_____

_____

Marks for AO3 [5 marks]

3 Rewrite the following sentences **in Irish** and change the possessive adjectives and nouns in brackets into the correct form, changing initial letters of words where necessary. Write full sentences **in Irish.**
[1 mark for each]

(a) Beidh Sorcha cúig bhomaite mall mar tá sí ag labhairt lena múinteoir foirme (faoina + obair) chúrsa.

_____

_____

(b) Tá (mo + uncail) ina chónaí san Astráil le fada an lá.

_____

_____

(c) Bhí muid ar an Ómaigh arú aréir agus thug muid cuairt ar (ár + cairde) i dTír Eoghain.

_____

_____

(d) D’fhág Brian (a + athair) ag stáisiún na dtraenach go luath ar maidin.

_____

_____

(e) Cuir (do + cóta) ar an chrúca taobh thiar den doras, le do thoil.

_____

_____

Marks for AO3 [5 marks]

4 Rewrite the following sentences **in Irish** changing the preposition and the pronoun in brackets into the correct form of the prepositional pronoun. Write full sentences **in Irish.** [1 mark for each]

(a) Tá aithne (ag + mé) ar an bhainisteoir nua mar bhí sé i gceannas ar fhoireann na scoile tráth.

_____

_____

(b) Bhí mé amuigh le hEoin aréir agus dúirt mé (le + é) go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag an fhoireann ó ceapadh é.

_____

_____

(c) Tá an t-ádh dearg (ar + iad) mar tá trealamh traenála úrnua acu sa chlubtheach.

_____

_____

(d) Níl barúil (ag + í) cad é a dhéanfaidh sí má ghortaítear na himreoirí is fearr.

_____

_____

(e) Molaim (do + tú) bheith ag an pháirc go luath le háit mhaith a fháil.

_____

_____

Marks for AO3 [5 marks]

5 Translate the following sentences **into Irish.** [3 marks for each]

(a) I will be there in an hour.

(b) I spent the summer by the sea.

(c) I know the west of the county.

(d) I believe that it is a wonderful game.

(e) I listen to music all day long.

Marks for AO3 [15 marks]

This is the end of the question paper

SOURCE

Q2 - - - - - *Source: Examiner*
Insert - - - *"Adapted from 'Pillimis ar an dúchas agus an dea-bhia, Is í Éire an tríú tír is mó ina n-itear bia ollphróiseáilte' by Colm Duffin. Published by nos.ie, 15 February 2018 © CC BY-NC-ND 4.0 https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/"*

For Examiner's use only	
Question Number	**Marks**
B1	
B2	
C1	
C2	
C3	
C4	
C5	
Total Marks	

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

Insert for use with Question 1 of Section B.

Pillimis ar an dúchas agus ar an dea-bhia

Dearbhaíodh i dtuairisc a rinneadh ar naoi dtír déag go bhfuil Éire ar an tríú tír is mó a n-itear bia ollphróiseáilte inti. Deir an tuairisc chéanna gur bia próiseáilte é leathchuid de na bianna a bhíonn sa ghnáthchiseán siopadóireachta in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Smaoinigh ar na himpleachtaí atá, agus a bheidh, ag an bhia sin ar ár sláinte, gan trácht ar an dochar a dhéanfaidh sé don timpeallacht. Ní cuidiú é na nósanna seo do chóras sláinte na tíre atá faoi bhrú mór cheana féin.

Tá ár meon i leith an bhia i ndiaidh athrú go hiomlán. I saol seo na deifre, caitheann muid níos lú ama ná riamh ar bhia a réiteach agus is lú arís an aird a thugann muid ar an bhia féin.

Ní haon iontas é gur éirigh go maith le ceithre thír ar leith sa tuarascáil seo – an Fhrainc, an Iodáil, an Ghréig agus an Phortaingéil. Is tíortha iad seo ina gcleachtar an chócaireacht mar is ceart sa bhaile. Caitheann siad am le béilí a réiteach agus níos tábhachtaí fós, caitheann siad am á n-ithe le chéile, ag caint agus ag cardáil, ag magadh agus ag moladh, ag gáire agus ag tabhairt amach. Is ealaín é an bia, dar leo.

Mar mholadh duit, a léitheoir, ceannaigh táirgí úra agus bí ag margáil le lucht margaidh – is iontach an spórt atá le baint as. Caith am agus cúram ar bhéile a réiteach tú féin, uair amháin sa tseachtain ar a laghad. Is sláintiúla ar fad mar chur chuige agus mar dhearcadh é.

Agus ar deireadh – cuimhnímis ar an rud is fearr faoin bhia – an taobh sóisialta de. Cuir cuireadh ar do chairde nó ar do ghaolta teacht chun tí agus roinn go fial luach do shaothair leo.